# Cúrsa Bonnleibhéal 1 (A1)

# Ábhar Teagaisc agus Treoir don Mhúinteoir

*Ábhar scríofa ag* ***Bernardine nic Giolla Phádraig*** *agus* ***Anna Ní Mhonacháin***

*Dearthóirí: Duo Design*

*Taifeadadh: Stiúideo Raidió na Life*

**Clár Topaicí A1**

Topaic 1: Ag Bualadh le Daoine

Topaic 2: Cúlra agus Áit Chónaithe

Topaic 3: An Teaghlach

Topaic 4: An Teach agus Lóistín

Topaic 5: Caitheamh Aimsire

Topaic 6: An Saol Laethúil

Topaic 7: Buanna agus Scileanna

Topaic 8: Cúrsaí Oibre

Topaic 9: Bia agus Deoch

Topaic 10: Tinneas agus Gortuithe

Topaic 11: Éadaí agus Siopadóireacht

Topaic 12: Laethanta Saoire agus Taisteal

Topaic 13: Orduithe

Topaic 14: Ag Déanamh Socruithe

**Réamhrá**

*Cé air a bhfuil an t-ábhar teagaisc do Bhonnnleibhéal 1 dírithe?*
Tá an t-ábhar teagaisc seo dírithe go príomha ar ghlantosaitheoirí Gaeilge ar dhaoine nár fhoghlaim Gaeilge riamh cheana. Bheadh an t-ábhar seo oiriúnach freisin, áfach, do chineálacha eile foghlaimeoirí - a leithéidí seo a leanas:

- iad siúd a d'fhoghlaim Gaeilge cheana ach a bhraitheann go bhfuil sí uilig ligthe i ndearmad acu nó nach bhfuil muinín ar bith acu as a gcumas labhartha Gaeilge;
- daoine ar bheagán Gaeilge ar mhaith leo deis a bheith acu dul siar ar na bunstruchtúir;
- daoine a bhí ag foghlaim Gaeilge ina n-aonar ach nach bhfuair deis cleachtadh le foghlaimeoirí eile.

*Leagan amach an chúrsa*
*(A) Clár na dTopaicí:*
Molaimid go dtosófaí le *Topaic 1: Bualadh le Daoine* ag tús gach cúrsa agus go leanfaí ord na dtopaicí de réir mar atá sé leagtha amach i gClár na dTopaicí mar is minic a dhéantar forbairt ar phointí foghlama, idir stór focal agus pointí gramadaí, ó thopaic go topaic. Mar shampla i d*Topaic 6: An Saol Laethúil*, déantar tagairt do chaithimh aimsire a múineadh sa topaic roimhe sin, *Topaic 5: Caitheamh Aimsire*. Glactar leis freisin i d*Topaic 6* go bhfuil an obair bhunúsach déanta ag an rang ar an Aimsir Láithreach i d*Topaic 5*.

Ag brath ar ábhar spéise na bhfoghlaimeoirí nó ar thráthúlacht an ábhair, áfach, b'fhéidir go mbeadh an múinteoir ag iarraidh tabhairt faoi thopaic eile agus gan cloí le hord na dtopaicí. Mar shampla, i lár an gheimhridh dá mbeadh roinnt foghlaimeoirí breoite d'fhéadfaí tabhairt faoi *Thopaic 10: Tinneas agus Gortuithe* níos luaithe sa chúrsa ná mar a bhí leagtha amach.

*(B) An t-ábhar a chur in oiriúint d'fhad an chúrsa atá á thabhairt agat féin.*
Níl an t-ábhar teagaisc anseo dírithe ar aon chineál faoi leith ranga ná ar chúrsa a mhaireann ar feadh tréimhse ar leith. Is féidir an t-ábhar, nó cuid de, a úsáid nó a chur in oiriúint do dhianchúrsa seachtaine/coicíse nó do chúrsa oíche deich seachtaine/fiche seachtain, ag brath ar chumas an ranga agus ar fhad gach ranga.

Mar threoir ghinearálta, sílimid nach bhféadfaí *Topaic 1: Bualadh le Daoine* a mhúineadh i gceart i níos lú ná trí huaire a chloig le dream glantosaitheoirí. Ní ceart faillí a dhéanamh sa chleachtadh agus san athdhéanamh. Ag tús gach ranga tá sé fíorthábhachtach go ndéanfaí súil siar ar na príomhphointí a múineadh sa rang roimhe sin.

*Ullmhúchán*
Ní mór don mhúinteoir an topaic iomlán a léamh sula dtugann sé/sí faoina múineadh. Beidh trealamh ag teastáil le haghaidh an ranga (clár bán/dubh nó smeach-chairt, seinnteoir dlúthdhiosca agus osteilgeoir, más féidir) agus beidh tréshoilseáin agus fótóchóipeanna le hullmhú/le gearradh. Cuimhnigh freisin ar mhiontrealamh eile - siosúr, glantóir, marcóirí daite, gliú agus a leithéid. Is fearr roinnt gníomhaíochtaí breise a ullmhú ná mar a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil do gach ceacht/rang.
*Eolas a bhailiú faoi riachtanais na bhfoghlaimeoirí*
Tá sé tábhachtach suirbhé beag a dhéanamh i measc na bhfoghlaimeoirí ag tús an chúrsa. Is féidir é seo a dhéanamh trí ceistneoir simplí a dháileadh orthu. Is féidir eolas a bhailiú faoi na hábhair spéise atá acu ionas gur féidir na ranganna a chur in oiriúint dóibh oiread is féidir ag an leibhéal seo. Beidh tú in ann eolas eile atá úsáideach a bhailiú chomh maith, mar shampla, an bhfuil spéis ag na foghlaimeoirí tabhairt faoi obair bhaile agus an bhfuil aon riachtanais speisialta acu.

*Gramadach*
San ábhar teagaisc seo múintear an ghramadach i gcónaí i gcomhthéacs na topaice. Moltar na foghlaimeoirí a spreagadh chun teacht ar na rialacha gramadaí iad féin sna samplaí a chuirtear ós a gcomhair.

Ag an leibhéal seo ní ceart an iomarca ama a chaitheamh ar an ghramadach ar eagla go gcuirfí mearbhall nó lagmhisneach ar na foghlaimeoirí. Má chuirtear ceist ort faoi ghné den ghramadach nach mbaineann leis an ábhar, is fearr a mhíniú don fhoghlaimeoir go múinfear an ghné sin den ghramadach le linn ceachta níos oiriúnaí nó a mhíniú go bhfuil sé róluath sa chúrsa lena mhíniú anois. I gcás foghlaimeora a bhfuil an-dúil aige/aici sa ghramadach, is féidir leabhar gramadaí feiliúnach a mholadh dó/di.

*Na Ceithre Scileanna*
Tugtar aird ar na ceithre scileanna teanga, Cluastuiscint, Labhairt, Léamhthuiscint agus Scríbhneoireacht san ábhar teagaisc seo. Ní mór aird a thabhairt ar shealbhú gach scil acu.

Ós rud é gur beag deis a bhíonn ag roinnt foghlaimeoirí a bheith ag cleachtadh a gcuid Gaeilge labhartha lasmuigh den rang, tá sé riachtanach go bhfaighidh siad neart deiseanna cainte i rith an ranga. Ní ceart na gníomhaíochtaí cainte a fhágáil ar lár riamh.

Ó thaobh an mhéid ama a chaitear le gach scil sa rang, tógfaidh sé níos mó ama na gníomhaíochtaí cainte a dhéanamh ná na gníomhaíochtaí léamhthuisceana agus scríbhneoireachta.

Maidir le *Scrúdú Bonnleibhéal 1*, seo a leanas na céadatáin marcanna a bhronntar ar gach scil:

| *Scrúdú Bonnleibhéal 1* | |
|---|---|
| Labhairt | 40% |
| Cluastuiscint | 25% |
| Léamhthuiscint | 25% |
| Scríbhneoireacht | 10% |

Tá gach eolas eile maidir leis an scrúdú seo (foirmeacha iarratais agus araile) le fáil ar an suíomh seo www.teg.ie

*Modhanna Múinte*
Tá béim ar an chur chuige cumarsáideach san ábhar teagaisc seo. Tá béim ar an athrá, ar an gcleachtadh agus ar an treisiú trí obair bheirte, obair ghrúpa agus rólaithris. Ní mór cuimhneamh, freisin, gur cheart go mbeadh an rang taitneamhach agus spraíúil oiread is féidir agus, dá bharr sin, tá go leor cluichí teanga san ábhar teagaisc.

*Canúintí*
Ba cheart don mhúinteoir cloí lena c(h)anúint féin sa rang. Sa chás go bhfuil an cúrsa suite sa Ghaeltacht is gá aird a thabhairt ar chanúint an cheantair sin, ar ndóigh.

Is minic sa phlean ceachta a thugtar rogha idir leaganacha canúna d'fhocal nó de nath cainte. Is ceart an leagan a úsáideann tú féin/atá coitianta sa cheantar ina bhfuil an rang, a mhúineadh ar dtús. Ag an leibhéal seo, tá sé tábhachtach gan imní a chur ar na foghlaimeoirí faoi na difríochtaí sna canúintí go dtí go mbeidh siad muiníneach as an phríomhleagan a múineadh dóibh. Is féidir ansin, tagairt thapaidh a dhéanamh do na leaganacha eile den fhocal/nath sna canúintí eile ionas go n-aithneoidh siad an focal/nath nuair a chloisfidh/léifidh siad é.

Ar an dlúthdhiosca tá cainteoirí ó na trí phríomhchanúintí. Roghnaíodh iad de bharr gur cainteoirí soiléire, nádúrtha iad.

*Foghraíocht*
Tá ceacht(anna) foghraíochta san ábhar teagaisc i gcás gach topaice. Is gá a mhíniú do na foghlaimeoirí, go háirithe i rang a bhfuil náisiúntachtaí éagsúla ann, nach ionann an fhuaim a bhíonn ag litreacha na haibítre i ngach teanga. Mínigh gur de réir a chéile a fhoghlaimeoidh siad fuaimeanna na Gaeilge agus go mbeidh na fuaimeanna is coitianta foghlamtha acu roimh dheireadh an chúrsa seo.

Deireadh Fómhair 2007